snasTV

Ros na Rún

Sraith 2: Ceacht 9

# Ceisteanna i nGaeilge
# 3 nod don eolach

**Tuiscint & forbairt foclóra**
Cá ndeachaigh …?; céard …?; nach bhfuil? fuath …; Ina shuí …;

**Feasacht teanga**
Na ceistfhocail, focalbhá agus clibcheisteanna

**Scileanna cumarsáide**
Ag cur agus ag freagairt ceisteanna

## A: An cuimhin leat?

### 1. Líon na bearnaí (an clásal coibhneasta)

Líon na bearnaí sna ceisteanna thíos leis an bhfoirm cheart de gach briathar. Féach siar ar an bhfíseán, más gá.

| | |
|---|---|
| **Imelda:** | Cá ____________ (chuaigh/ndeachaigh) tú? |
| **Imelda:** | Agus, cén uair __________ (a thosaigh/ ar thosaigh) tú ar an gcraic sin? |
| **Mack:** | Céard _________ (atá/a bhfuil) ag dul ar aghaidh? |
| **Imelda:** | Cén chaoi _________ (atá/a bhfuil) a fhios agat nach tú a bhí ann? |
| **Diana:** | Cá ________ (tá/bhfuil) fón Sonia? |

### 2. Focalbhá

Cuir líne faoi na samplaí den fhocalbhá a bhí san fhíseán thíos. Cuir do chuid oibre i gcomparáid le hobair an duine atá in aice leat ansin.

| | |
|---|---|
| **Vince:** | Sonny, an bhfaca tú Cóilí Jackie? |
| **Diana:** | *So*, em, an bhfuair sibh amach aon eolas ó ráiteas Sonny? |
| **Imelda:** | Crystal, an ea? |
| **Crystal:** | Is ea. |
| **Imelda:** | Ceannfort Uí Shé atá ann. An bhfuil Sonny ina shuí? |
| **Laoise:** | Ó, an bhfuil aon *tip* agat dom? |
| **Bobbi Lee:** | Gabh i leith, an bhfaca tú mo *phone* in áit ar bith? Níl sé i dTigh Gaudi ná sa raidió. |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

### 3. Clibcheisteanna (*Tag questions*)

An cuimhin leat na clibcheisteanna a bhí sna samplaí thíos ón bhfíseán? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus líonaigí na bearnaí le clibcheisteanna. Féach siar ar an bhfíseán mura bhfuil sibh cinnte.

| | |
|---|---|
| Mack: | Níl sibh ag ceapadh go raibh baint agamsa leis, __________? |
| Conall: | Tá fuath aici orm agus tá a croí briste. An bhfuil tú sásta anois, _______? |
| Imelda: | Cóilí Jackie arís, _____? Fág thíos sa teach agam iad. |
| Cara Diana: | Cara leat, ______? |
| Caitríona: | Oh! Léi féin, ______? |
| Manus: | *Aye*, tá sé iontach cosúil leis an cheann atá ag Sally, ______? Tá an ceart agat. |
| Berni: | Ach, beidh tusa ag fanacht le haghaidh an *party* freisin, ________? |
| Réiltín: | Faraor, ní bheidh. |

### 4. Fuath

Cén dóigh a ndúirt Conall *she hates me* san fhíseán? An bhfuil cúpla bealach eile agat féin chun an rud céanna a rá? Breac isteach sa bhosca iad. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

### 5. Ina shuí

Chuir an ceannfort ceist ar Crystal, 'An bhfuil Sonny ina shuí?' Cad is brí leis sin? An bhfuil brí eile leis?

### 6. An focal *tip*

An cuimhin leat an comhrá gearr a bhí idir Laoise agus Patsy? Cén Ghaeilge atá ar an bhfocal *tip* agus cad is brí leis? (www.teanglann.ie).


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

**1. An leagan ceart den bhriathar (na ceistfhocail + an clásal coibhneasta)**

Líon na bearnaí sna ceisteanna thíos leis an gclásal coibhneasta díreach nó indíreach den bhriathar atá idir lúibíní. Mura bhfuil tú cinnte, téigh siar ar Cheacht 1 i Sraith 1.

a) Cé ___________ (téigh) leat go dtí an phictiúrlann oíche aréir?
b) Cén fáth _____________ (ith) sé feoil má chuireann sí múisc air?
c) Cá _____________ (buail) mé leat amárach roimh an rang?
d) Cén áit _____________ (téigh) tú ar laethanta saoire anuraidh?
e) Céard / Cad é _____________ (ceap) siad faoin dráma?
f) Conas _____________ (déan) tú é sin?
g) Cé leis _____________ (bí) tú inné?
h) Cén uair _____________ (bí) an chóisir ag tosú?
i) Cathain _____________ (feic) tú Máire go deireanach?
j) Cén fhad _____________ (caith) tú sa Spáinn an samhradh seo chugainn?

**2. Focalbhá + ceisteanna**

Mar a chonaic muid sa mhír, is minic a fhágann cainteoirí dúchais focail ar lár sa chaint. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na ceisteanna seo a leanas. Cén focal/focail atá fágtha ar lár i ngach sampla?

| | |
|---|---|
| a) | _____ ndeachaigh tú abhaile? |
| b) | __________ chuala tú sin? |
| c) | _____ tú cinnte faoi sin? |
| d) | _____ bhfaca tú Vera? |
| e) | ________ mhaith leat deoch? |
| f) | _____ ormsa atá an locht, ab ea? |
| g) | _____ bhfuair tú do mhála? |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 3. Na clibcheisteanna

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo le chéile.

a) Cad is brí le clibcheist? Féachaigí ar an bhfíseán a théann leis an gceacht seo.

b) Athscríobhaigí na ceisteanna thíos agus cuirigí clibcheist le gach ceann acu. Abraigí amach na ceisteanna os ard ansin. Conas a athraíonn na clibcheisteanna brí nó tuin na gceisteanna? Ná déanaigí dearmad faoin bhfocalbhá agus sibh ag léamh amach na gceisteanna!

| | | | |
|---|---|---|---|
| Samplaí: | An cara leat í? | vs | Cara leat í, ab ea? |
| | An mbeidh tú ag an gcóisir? | vs | Beidh tú ag an gcóisir, nach mbeidh? |
| | | | Ní bheidh tú ag an gcóisir, an mbeidh?* |

*Is féidir leis an ráiteas a bheith dearfach agus an chlibcheist a bheith diúltach, nó a mhalairt. Ach, bí cúramach – bíonn brí na ceiste ag brath ar na rudaí seo.

| | |
|---|---|
| a) An bhfaca tú Seán ansin? | |
| b) Ar chuala tú an scéal faoi Patsy? | |
| c) An dtéann tú ansin gach lá? | |
| d) An ag cuardach poist atá tú? | |
| e) An bhfuil tú ag baint sult as sin? | |
| f) An deirfiúr le Deirdre thú? | |
| g) An mac léinn í? | |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CUMARSÁID

1. **Cum agus cuir ceisteanna (na ceistfhocail)**

   Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Cuirigí i gcás go raibh sibh ar laethanta saoire sna háiteanna sna pictiúir. Cumaigí agus cuirigí ceisteanna ar a chéile faoin gcineál saoire a bhí agaibh beirt. Faighigí amach na rudaí seo:

   - ✓ an áit féin
   - ✓ an turas go dtí an áit sin
   - ✓ costas
   - ✓ aimsir
   - ✓ na rudaí a rinne tú i rith an lae
   - ✓ na rudaí a rinne tú san oíche
   - ✓ eolas faoi mhuintir na háite
   - ✓ eolas faoin gceantar




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 7. Rólghníomhaíochtaí

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí seo ar fad. Bígí cinnte na róil a mhalartú le haghaidh gach rólghníomhaíochta. Cuirigí na pointí seo san áireamh agus sibh ag caint. Tá sampla amháin déanta daoibh.

- Cuimhnígí – freagraítear ceist leis an mbriathar céanna a úsáidtear chun an cheist a chur.
- Is minic nach bhfuaimnítear na míreanna ceisteacha sa chaint.
- Bainigí úsáid as roinnt clibcheisteanna sa chomhrá.

**Comhrá samplach:**

| Scenario samplach | Duine A | Duine B |
|---|---|---|
| Tá beirt mhac léinn ag plé an obair bhaile atá le déanamh acu sa mhatamaitic. | Tá lámh mhaith agat ar an matamaitic. Tairgeann tú cuidiú. | Is fuath leat an mhatamaitic. Iarrann tú cuidiú. |

Duine B: Amárach atá an obair bhaile le bheith istigh, nach ea?
Duine A: Is ea. Tá sé déanta agat, nach bhfuil?
Duine B: Tá, nach mór. Shíl mé go raibh ceist 3 deacair.
Duine A: Bhí sé deacair go leor. An bhfuil cuidiú uait?
Duine B: Le do thoil!
Duine A: Cinnte! Cara iontach is ea mé, nach ea? Ach is féidir leatsa cuidiú liomsa leis an aiste staire sin, nach féidir?
Duine B: Is féidir, cinnte.

**Bígí ag caint:**

| Scenario | Duine A | Duine B |
|---|---|---|
| a) Tá sibh beirt ag ordú béile trí chúrsa i mbialann ardnósach. | Cinnte cad le hordú | Níl a fhios agat cad le hordú |
| b) Tá sibh ag eagrú an turais scoile i mbliana. | An príomheagraí | An cúntóir |
| c) Tá sibh i gclinic dochtúra. Gnáthscrúdú sláinte atá ann. | An dochtúir, a chuireann na gnáthcheisteanna | An t-othar, a deir go bhfuil gach rud go breá |
| d) Tá sibh ag eagrú cóisire do bhreithlá dlúthchara libh. | Cinnte cad atá le déanamh | In amhras faoi na pleananna |
| e) Labhraígí faoi scannán atá feicthe agaibh beirt. | Thaitin sé go mór leat | Bhí tú idir dhá chomhairle faoi |
| f) Tá sibh ag siopadóireacht le haghaidh éadaí. | Ag cuardach gúna/culaithe | Ag cuidiú le cara gúna/culaith a roghnú |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# FREAGRAÍ

## A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

**8. Líon na bearnaí (an clásal coibhneasta)**

Féach:

| | |
|---|---|
| **Imelda:** | Cá **ndeachaigh** tú? |
| **Imelda:** | Agus, cén uair **a thosaigh** tú ar an gcraic sin? |
| **Mack:** | Céard **atá** ag dul ar aghaidh? |
| **Imelda:** | Cén chaoi **a bhfuil** a fhios agat nach tú a bhí ann? |
| **Diana:** | Cá **bhfuil** fón Sonia? |

**9. Focalbhá**

Féach:

| | |
|---|---|
| **Vince:** | Sonny, an bhfaca tú Cóilí Jackie? |
| **Diana:** | *So*, em, an bhfuair sibh amach aon eolas ó ráiteas Sonny? |
| **Imelda:** | Crystal, an ea? |
| **Crystal:** | Is ea. |
| **Imelda:** | Ceannfort Uí Shé atá ann. An bhfuil Sonny ina shuí? |
| **Laoise:** | Ó, an bhfuil aon *tip* agat dom? |
| **Bobbi Lee:** | Gabh i leith, an bhfaca tú mo *phone* in áit ar bith? Níl sé i dTigh Gaudi ná sa raidió. |

**10. Clibcheisteanna (*Tag questions*)**

Féach:

| | |
|---|---|
| Mack: | Níl sibh ag ceapadh go raibh baint agamsa leis, **an bhfuil**? |
| Conall: | Tá fuath aici orm agus tá a croí briste. An bhfuil tú sásta anois, **an bhfuil**? |
| Imelda: | Cóilí Jackie arís, **an ea**? Fág thíos sa teach agam iad. |
| Cara Diana: | Cara leat, **ab ea**? |
| Caitríona: | Oh! Léi féin, **ab ea**? |
| Manus: | *Aye*, tá sé iontach cosúil leis an cheann atá ag Sally, **nach bhfuil**? Tá an ceart agat. |
| Berni: | Ach, beidh tusa ag fanacht le haghaidh an *party* freisin, **nach mbeidh**? |
| Réiltín: | Faraor, ní bheidh. |

**11. Fuath**

Tá fuath aici orm, tá an ghráin aici orm, is fuath léi mé, tá an dubhfhuath aici dom, tá an dearg-ghráin aici orm.

**12. Ina shuí**

Sonny is up (out of bed). / Sonny is sitting.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## 13. An focal *tip*

Pointe 5 a bhí i gceist ag Laoise.

NOUN

**1** *NOUN* of sth narrow
barr *masc1* C M U
bior *masc3* C M U
gob *masc1* C M U
**they were covered from tip to toe** bhí siad clúdaithe ó bhun go barr
**the tip of the nose** barr na sróine
**the northern tip of Norway** gob thuaidh na hIorua

**2** *NOUN* of rubber, metal, etc
barr *masc1* C M U
gob *masc1* C M U
ceann *masc1* C M U

TAISPEÁIN IONTRÁIL IOMLÁN

**3** *NOUN* gratuity
séisín *masc4* C M U
síneadh láimhe C M U

**4** *NOUN* piece of advice
leid *fem2* C M U
nod *masc1* C M U
comhairle *fem4* C M U
**take a tip from me** glac mo chomhairlese, glac comhairle uaimse
**here are some tips on gardening** seo cúpla leid ar gharraíodóireacht

**5** *NOUN* prediction of winner
leid *fem2* C M U
nod *masc1* C M U
**I got a good tip for the afternoon race** fuair mé nod maith do rás an tráthnóna

**6** *NOUN* for rubbish
dumpa *masc4* C M U
ionad bruscair C M U
láithreán dramhaíola *technical term* C M U

**7** *NOUN informal* untidy place
prochóg *fem2* C M U
brocais *fem2* C M U
**his room is an absolute tip** tá a sheomra trí chéile ar fad


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# B: FEASACHT TEANGA

## 1. An leagan ceart den bhriathar (na ceistfhocail + an clásal coibhneasta)

Féach:

a) Cé **a chuaigh** leat go dtí an phictiúrlann oíche aréir?
b) Cén fáth **ar ith** sé feoil má chuireann sí múisc air?
c) Cá **mbuailfidh** mé leat amárach roimh an rang?
d) Cén áit **a ndeachaigh** tú ar laethanta saoire anuraidh?
e) Céard / Cad é **a cheapann/a cheap** siad faoin dráma?
f) Conas **a dhéanann** tú é sin?
g) Cé leis **a raibh** tú inné?
h) Cén uair **a bheidh** an chóisir ag tosú?
i) Cathain **a chonaic** tú Máire go deireanach?
j) Cén fhad **a chaithfidh** tú sa Spáinn an samhradh seo chugainn?

## 2. Focalbhá + ceisteanna

Féach:

| |
|---|
| a) **An** ndeachaigh tú abhaile? |
| b) **Ar** chuala tú sin? |
| c) **An bhfuil** tú cinnte faoi sin? |
| d) **An** bhfaca tú Vera? |
| e) **Ar** mhaith leat deoch? |
| f) **Is** ormsa atá an locht, ab ea? |
| g) **An** bhfuair tú do mhála? |

## 3. Na clibcheisteanna

a) Clibcheist: In áit ceist dhíreach a chur, tugtar ráiteas agus cuirtear an cheist mar eireaball beag ag deireadh na habairte.
b) Féach:

| | |
|---|---|
| a) An bhfaca tú Seán ansin? | *Chonaic tú Seán ansin, nach bhfaca?* |
| b) Ar chuala tú an scéal faoi Patsy? | *Chuala tú an scéal faoi Patsy, nár chuala?* |
| c) An dtéann tú ansin gach lá? | *Téann tú ansin gach lá, nach dtéann?* |
| d) An ag cuardach poist atá tú? | *Is ag cuardach poist atá tú, an ea?* |
| e) An bhfuil tú ag baint sult as sin? | *Tá tú ag baint sult as sin, an bhfuil?* |
| f) An deirfiúr le Deirdre thú? | *Is deirfiúr le Deirdre thú, an ea?* |
| g) An mac léinn í? | *Is mac léinn í, an ea?* |


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# C: CUMARSÁID

1. **Cum agus cuir ceisteanna (na ceistfhocail)**
   Roghnóidh duine A pictiúr amháin agus duine B an pictiúr eile. Sin an áit a raibh siad ar laethanta saoire. Caithfidh siad ceisteanna a chur ar a chéile chun an t-eolas ar fad (na pointí) faoi na laethanta saoire a aimsiú. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo. Nuair a bheidh siad críochnaithe, iarr ar dhuine amháin dul os comhair an ranga. Caithfidh na foghlaimeoirí eile ceisteanna a chur ar an duine sin faoi laethanta saoire a pháirtí.

2. **Rólghníomhaíochtaí**
   Léigh trí na treoracha, an comhrá samplach agus na *scenarios* ar fad leis an rang iomlán, sula gcuirfidh tú gach beirt ag obair ar na rólghníomhaíochtaí. Bí cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí gach rud. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo le linn na gníomhaíochta. Iarr ar bheirteanna éagsúla, rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

# AN SCRIPT

### Intreoir

**Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 9. Ceisteanna i nGaeilge - 3 nod don eolach.**

An mbíonn mearbhall ort riamh maidir le conas ceisteanna a chur sa Ghaeilge? An dtuigeann tú an difríocht idir ceisteanna sa scríobh agus sa chaint? Sa cheacht seo, rachaidh muid siar ar an ghné thábhachtach sin den chumarsáid, agus déanfaidh muid plé ar 3 leid a bhaineann le ceisteanna sa Ghaeilge. An bhfuil tú réidh?

### Leid 1: Ceisteanna agus an clásal coibhneasta

Féach ar dtús ar an mhír seo ó Ros na Rún, ina bhfuil Mack á cheistiú ag na Gardaí. An créatúr, tá go leor ceisteanna ag an Cheannfort dó. Cé..?; Cad …?; Cá ...?; Tá na ceistfhocail sin ar eolas agat ar ndóigh, ach tabhair faoi deara cén leagan den bhriathar a thagann ina ndiaidh.

### An mhír físe ó Ros na Rún

Imelda: Cá ndeachaigh tú?
Imelda: Agus, cén uair a thosaigh tú ar an gcraic sin?
Mack: Céard atá ag dul ar aghaidh?
Imelda: Cén chaoi a bhfuil a fhios agat nach tú a bhí ann?
Diana: Cá bhfuil fón Sonia?
Imelda: Cén chaoi mar sin, ar fritheadh é seo thuas ann?
Imelda: Agus, céard faoi do cheadúnas?
Diana: Cá bhfuil fón Sonia, a Mhack?
Diana: *Come on*. Cén míniú eile a bheadh ar na rudaí sin uilig?

An cuimhin leat cén leagan den bhriathar a bhí sna ceisteanna seo?

Cá ndeachaigh tú?
Cá bhfuil fón Sonia?
Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?

Anois, cén fhoirm den bhriathar atá ceart sna samplaí seo?

Cé a bhí leat?
Céard atá ar siúl agat?
Conas a chuaigh tú ann?

Rachaidh muid siar air sin arís. Baintear úsáid as foirmeacha díreacha na mbriathra (mar shampla: atá, a bhí, a chuaigh), tar éis Cé ..?; Céard …?; Conas …?; Cathain …?; Cén uair…?; Cén fhad ...? Agus baintear úsáid as na foirmeacha indíreacha den bhriathar (mar shampla: a bhfuil, a raibh, a ndeachaigh), tar éis Cá/Cá háit …? Cén chaoi/tslí/dóigh …? agus Cén fáth…?


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Tá tuilleadh eolais faoin chlásal choibhneasta i ndiaidh na gceistfhocal ar na bileoga a théann leis an fhíseán seo ar Snas.ie agus i gCeacht 1, i Sraith 1.

### Leid 2: An mhír cheisteach agus focalbhá

An bealach is fusa le ceisteanna a chur sa Ghaeilge ná an mhír cheisteach **An** nó **Ar** a chur roimh an bhriathar. Tá a fhios agat go dtagann urú i ndiaidh **An** agus a leithéid, ach ar thug tú faoi deara an bealach a bhfuaimnítear na foirmeacha sin sa chaint?

Cé go scríobhtar **An bhfuil** agus **An ndeachaigh**, is minic a fhágtar an mhír cheisteach sin, **An**, ar lár sa chaint nádúrtha líofa. 'Focalbhá' a thugtar air seo. Éist leis na samplaí seo anois, go gcloisfidh tú:

### An mhír físe ó Ros na Rún

Vince: Sonny, an bhfaca tú Cóilí Jackie?

Diana: *So*, em, an bhfuair sibh amach aon eolas ó ráiteas Sonny?

Imelda: Crystal, an ea?
Crystal: Is ea.
Imelda: Ceannfort Uí Shé atá ann. An bhfuil Sonny ina shuí?

Laoise: Ó, an bhfuil aon *tip* agat dom?

Bobbi Lee: Gabh i leith, an bhfaca tú mo *phone* in áit ar bith? Níl sé i dTigh Gaudi ná sa raidió.

Más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoin fhocalbhá, féach siar ar Shraith 1, Ceacht 14.

### Leid 3: Na clibcheisteanna

Sa Ghaeilge labhartha nádúrtha, is minic nach gcuireann muid ceisteanna díreacha ar chor ar bith, ach tugann muid ráiteas agus cuireann muid an cheist mar eireaball beag ag deireadh na habairte. *In natural spoken Irish, we don't always ask direct questions, but we sometimes make a bold statement, and add the question as a little tag at the end.*

Éistfidh muid anois le cuid de na clibcheisteanna no '*question tags*' ó Ros na Rún:

### An mhír físe ó Ros na Rún

Mack: Níl sibh ag ceapadh go raibh baint agamsa leis, an bhfuil?
Conall: Tá fuath aici orm agus tá a croí briste. An bhfuil tú sásta anois, an bhfuil?
Imelda: Cóilí Jackie arís, an ea? Fág thíos sa teach agam iad.
Cara Diana: Cara leat, ab ea?
Caitríona: *Oh*! Léi féin, ab ea?
Manus: *Aye*, tá sé iontach cosúil leis an cheann atá ag Sally, nach bhfuil? Tá an ceart agat.
Berni: Ach, beidh tusa ag fanacht le haghaidh an *party* freisin, nach mbeidh?
Réiltín: Faraor, ní bheidh.


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

Tabhair faoi deara an dá shampla dheireanacha sin sa mhír. Nuair a bhíonn an ráiteas dearfach, bíonn an cheist ag an deireadh diúltach, agus a mhalairt. Tá samplaí eile de chlibcheisteanna i gceacht 10 i sraith 1.

Tá barúil agaibh cad é atá mé ag dul a rá anois, nach bhfuil? Más mian leat dul siar ar na pointí uilig a bhaineann le ceisteanna sa Ghaeilge labhartha, féach ar an bhileog oibre a théann leis an fhíseán seo ar snas.ie.

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
TG4
STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal
Crannchur Náisiúnta


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad